

An Fhoghraíocht - réamhrá

An síneadh fada

Seo thíos focail a fhoghlaimoidh tú sa rang. Déan iarracht na focail a litriú. Mar shampla: *t u fada*. Bí ag obair leis an duine in aice leat.

- | | |
|-----------|--------------|
| a. tú | e. teileafón |
| b. mé | f. conas |
| c. uimhir | g. cé |
| d. hé | h. tusa |



An Fhoghraíocht- réamhrá

An síneadh fada

Seo thíos focail a fhoghlaimoidh tú sa rang. Déan iarracht na focail a litriú. Mar shampla: *t u fada*. Bí ag obair leis an duine in aice leat.

- | | |
|-----------|--------------|
| a. tú | e. teileafón |
| b. mé | f. conas |
| c. uimhir | g. cé |
| d. hé | h. tusa |

An Fhoghraíocht- réamhrá Leathan nó caol?

Féach ar na focail seo a leanas. Litrígh tú iad cúpla nóiméad ó shin. Anois, tá consan amháin i ngach focal scríofa i gcló trom. An bhfuil an consan sin leathan nó caol? Scríobh *leathan* nó *caol* sa spás atá ann in aice le gach focal. Mar shampla: **a. t leathan**

Bain úsáid as an ngreille seo mar threoir.

Na gutaí	
Leathan	a o u
Caol	e i

- a. **tú** _____ e. **teileafón** _____
b. **mé** _____ f. **conas** _____
c. **uimhir** _____ g. **cé** _____
d. **measartha** _____ h. **tusa** _____



An Fhoghraíocht- réamhrá Leathan nó caol?

Féach ar na focail seo a leanas. Litrígh tú iad cúpla nóiméad ó shin. Anois, tá consan amháin i ngach focal scríofa i gcló trom. An bhfuil an consan sin leathan nó caol? Scríobh *leathan* nó *caol* sa spás atá ann in aice le gach focal. Mar shampla: **a. t leathan**

Bain úsáid as an ngreille seo mar threoir.

Na gutaí	
Leathan	a o u
Caol	e i

- a. **tú** _____ e. **teileafón** _____
b. **mé** _____ f. **conas** _____
c. **uimhir** _____ g. **cé** _____
d. **measartha** _____ h. **tusa** _____

Treoracha don mhúinteoir

Le múineadh

Cad is guta, síneadh fada, consan leathan agus consan caol ann. An difríocht idir s leathan agus s caol, agus *d* leathan agus *d* caol.

Moltaí

1. Oscail an taispeántas PowerPoint **Gníomhaíochtaí Foghraíochta**. Tosaigh leis an gcéad sleamhnán **An síneadh fada**.
 - Taispeáin na focail: *Seán, an lár, Éire, póg* do na foghlaimeoirí agus faigh amach an aithníonn siad na focail sin agus an dtugann siad aon rud faoi deara faoi na gutaí.
 - Mínigh dóibh go dtugtar *an síneadh fada* ar an líne bheag a bhíonn thar na gutaí. Déanann sé an fhuaim níos faide. Athraíonn an fuaimniú.
 - Lean ar aghaidh go dtí an dara sleamhnán **Síneadh fada ar lean**. Déan na gutaí le síneadh fada orthu a fhuaimniú don rang.
 - Mínigh dóibh an tábhacht a bhaineann leis an síneadh fada, trí shamplaí a thaispeáint ar nós: *fear - féar, sean – Seán, mo – mó*. Faigh amach an bhfuil aon fhocal eile le fada ar eolas acu.
 - Tabhair cóip den bhileog **An Fhoghraíocht - réamhrá - Síneadh fada** do gach foghlaimeoir.
 - Abair leo gur liosta focal atá ann a fhoghlaimoidh siad sa rang.
 - Cuir na foghlaimeoirí i mbeirteanna agus iarr orthu na focail a litriú amach os ard leis an duine atá in aice leo. Déanfaidh Duine A an chéad cheann agus déanfaidh B an dara ceann, agus leanfaidh siad ar aghaidh mar sin ag déanamh gach dara ceann. Déan uimhir 1 dóibh, mar shampla.
 - Téigh timpeall an ranga ag éisteacht leo.
 - Nuair a bheidh siad críochnaithe ceartaigh an ghníomhaíocht trí cheist a chur ar foghlaimeoirí áirithe na focail a litriú.
2. Téigh go dtí an sleamhnán **Gutaí** sa taispeántas PowerPoint.
 - Mínigh do na foghlaimeoirí go mbraitheann litriú agus fuaimniú na Gaeilge ar ghutaí, a bheag nó a mhór. Tá na gutaí roinnte suas in dhá ghrúpa, leathan agus caol. Má tá consan le guta caol tá an consan caol (mar shampla *le, l caol*). Má tá consan le guta leathan tá an consan leathan (mar shampla *tá, t leathan*).
 - Tabhair cóip den bhileog **An Fhoghraíocht - réamhrá - Leathan nó caol** do na foghlaimeoirí.

- Inis dóibh gur litrigh siad na focail ar an mbileog **An Fhoghraíocht - réamhrá - Síneadh fada** cúpla nóiméad ó shin. An uair seo tá consan amháin i ngach focal scríofa i gcló trom. Caithfidh siad féachaint ar na consain sin agus leathan nó caol a scríobh sa spás atá ann. Mar shampla: a. *t leathan*. Inis dóibh úsáid a bhaint as an ngreille, mar threoir.
 - Téigh timpeall an ranga ag cabhrú leis na foghlaimeoirí.
 - Ceartaigh an ghníomhaíocht.
 - Déan cleachtadh ar an *s leathan* leo. Taispeáin an sleamhnán **Fuaimniú s** dóibh. Taispeáin an t-ainm *Seán* dóibh. Cuir ceist orthu an bhfuil an *s* sin leathan nó caol. Déan cleachtadh ar an *s leathan* agus *an s caol*. Bain úsáid as an sleamhnán **Fuaimniú s (ar lean)**.
 - Cuir na foghlaimeoirí i mbeirteanna agus iarr orthu na focail a fhoghlaimeoidh siad sa rang a fhuaimniú, ag cur béime ar an *s leathan* agus *s caol*.
3. Abair leis an rang go n-éistfidh siad leis an gcomhad fuaime **Foghraíocht: d leathan agus d caol** anois.
- Iarr ar an rang éisteacht leis na focail seo a leanas sa chomhad fuaime, nó tig leat féin na focail sna liostaí thíos a rá os ard:

Cuid A

*d*ia, *d*eich, a *náid*

*d*uit, a *dó*, *d*uine, *cad*

- Abair leis an rang ansin go bhfuil tú ag iarraidh orthu éisteacht le fuaim an *d* i gcás gach focal.
- Seinn nó abair an liosta focal arís. Cad a thugann an rang faoi deara?
- Tá dhá fhuaim ag an litir *d* sa Ghaeilge, *d* leathan agus *d* caol. Braitheann fuaim an *d* ar an nguta roimh nó i ndiaidh an *d*, díreach cosúil le *s*. Cuir i gcuimhne dóibh gurb iad *a*, *o* agus *u* na gutaí leathana agus gurb iad *i* agus *e* na gutaí caola.
- Scríobh na focail ar an gclár, nó taispeáin an sleamhnán **Fuaimniú d leathan nó d caol** sa taispeántas PowerPoint **Gníomhaíochtaí Foghraíochta** dóibh ionas go bhfeicfidh an rang an litriú agus abair/seinn na focail arís. Iarr ar an rang na focail a rá i do dhiaidh ag déanamh cinnte go bhfuil siad ag fuaimniú na bhfocal i gceart.

Moltar an tasc seo a nascadh leis an mbileog **Ag bualadh le duine (Labhairt)**.

Freagraí

An Fhoghraíocht- réamhrá Leathan nó caol?

a. tú – t leathan

- b. mé – m caol
- c. uimhir – r caol
- d. measartha – s leathan
- e. teileafón – t caol
- f. conas - s leathan
- g. cé - c caol
- h. tusa – s leathan